



PREASEISIÚINT Uimh. 205/23

Lucsamburg, 21 Nollaig 2023

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-680/21 | Royal Antwerp Football Club

Sacar: D'fhéadfadh rialacha UEFA agus chumann sacair na Beilge maidir le 'himreoirí traenáilte sa bhaile' a bheith contrártha do dhlí an Aontais

Tá agóid déanta ag imreoir sacair agus ag agus club sacair Beilgeach in aghaidh rialacha UEFA agus chumann sacair na Beilge a éilíonn go mbeadh líon íosta 'd'imreoirí traenáilte sa bhaile' ar na foirne. Measann an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfadh an oibleagáid sin na rialacha iomaíochta agus saorghluaiseacht oibrithe araon a shárú. Mar sin féin, is faoin gcúirt náisiúnta atá freagrach as an gcás atá sé deimhniú an amhlaidh atá nó nach bhfuil.

Le rialacha UEFA (Aontas Chumann Sacair na hEorpa) ceanglaítear ar chlubanna sacair líon íosta 'imreoirí traenáilte sa bhaile' a bheith acu ina bhfoirne. Tá rialacha atá cosúil le rialacha UEFA glactha ag cumann sacair na Beilge (URBSFA). Sa dá chás, déantar sainmhíniú leis na rialacha seo ar 'imreoirí traenáilte sa bhaile' mar imreoirí atá traenáilte ar an leibhéal náisiúnta, cé go ndéantar tagairt le rialacha UEFA chomh maith d'imreoirí ar cuireadh oiliúint orthu laistigh de chlub ar leith.

Tá agóid á dhéanamh ag imreoir gairmiúil agus ag club Beilgeach (Royal Antwerp) in aghaidh na rialacha sin os comhair chúirt Bheilgeach. Tá cinneadh déanta ag an gcúirt sin ceisteanna a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais maidir leis an méid sin.

Ina breithiúnas, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais, ar an gcéad dul síos, go dtagann rialacha UEFA agus URBSFA faoi raon feidhme dhlí an Aontais. Baineann na rialacha sin le gníomhaíocht eacnamaíoch agus ghairmiúil a dhéanamh. Dá bhrí sin, ní mór dóibh na rialacha iomaíochta agus na saoirsí gluaiseachta a urramú.

Maidir leis **na rialacha iomaíochta**, measann an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfadh sé a bheith mar chuspóir nó d'éifeacht ag na rialacha maidir le himreoirí traenáilte sa bhaile srian a chur ar chumas na gclubanna dul san iomaíocht lena chéile trí imreoirí cumasacha a earcú, beag beann ar an áit ar cuireadh oiliúint orthu. Mar sin féin, is earnáil í an sacar ardleibhéil ina bhfuil ról ríthábhachtach ag tallann agus ag fiúntas. Mar sin féin, is faoin gcúirt náisiúnta a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an gcuireann na rialacha sin srian ar iomaíocht mar gheall ar a gcuspóir féin nó mar gheall ar a n-éifeachtaí iarbhir nó féideartha. Má rialaítear gurb amhlaidh atá an cás, beidh UEFA agus URBSFA fós in ann a léiriú go bhféadfadh údar a bheith leis na rialacha sin, sna himthosca a bhfuil tagairt déanta ag an gCúirt Bhreithiúnais dóibh ina breithiúnas.

Maidir **le saorghluaiseacht oibrithe**, measann an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfadh go ndéanfar **idirdhealú indíreach de bhonn náisiúntacht** ar imreoirí ó Bhallstáit eile mar thoradh ar na rialacha lena mbaineann. Arís, áfach, beidh deis ag UEFA agus ag URBSFA le **léiriú go ndéantar earcaíocht agus oiliúint a spreagadh leis na rialacha sin agus go bhfuil siad comhréireach leis an gcuspóir sin**.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin

gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "[Europe by Satellite](#)" ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

